Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2129

10.10.2023

# CINNEADH (CBES) 2023/2129 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Deireadh Fómhair 2023

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1544 ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach.

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2018/1544 go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2023. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur le bailíocht an Chinnidh sin go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026 agus ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2024.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1544 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 de Chinneadh (CBES) 2018/1544:

'*Airteagal 8*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026. Leanfar d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gCinneadh seo. Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Y. DÍAZ PÉREZ

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1544 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach, (IO L 259, 16.10.2018, lch. 25).